Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/1084

13.5.2026

**CINNEADH (CBES) 2026/1084 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 12 Bealtaine 2026**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1143 maidir le misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh cúnaimh mhíleata i Mósaimbíc (EUMAM Mozambique)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Feabhra 2026 i gcomhthéacs an Athbhreithnithe Straitéisigh ar EUMAM Mozambique, mhol an Coiste Polaitiúil agus Slándála síneadh 6 mhí a chur le sainordú an mhisin go dtí an 31 Nollaig 2026, agus d'iarr sé ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí Measúnú Straitéiseach a thíolacadh i mí Mheán Fómhair 2026.

(2) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2021/1143 ón gComhairle ([1]) a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear, leis seo, Cinneadh (CBES) 2021/1143 mar a leanas:

(1) in Airteagal 10, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'4. EUR 3 140 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chostais choiteanna an Mhisin don tréimhse ón 1 Iúil 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026. Is é a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha sin dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509 50 % le haghaidh gealltanas agus 0 % le haghaidh íocaíochtaí.';

(2) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Tiocfaidh deireadh leis an Misean an 31 Nollaig 2026.'.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Bealtaine 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS

([1]) IO L 247, 13.7.2021, lch. 93.